Berninger, V. & Swanson, H. (1994). *Modifying Hayes and Flower's model of skilled writing to explain beginning and developing writing*. In E. C. Butterfield, Series Ed.), & J.S. Carlson, (Ed.), *Advances in cognition and educational practice: Vol. 2. Children's writing: Towards a process theory of the development of skilled writing*. New York: JAI Press.

Bissex, G. (1980). Patterns of development in writing: A case study. *Theory into Practice*, 19(3), 197-201.

Bromley, K. (2011). Best practices in teaching writing. In L. Morrow, & L. Gambrell (Eds.), *Best practices in literacy instruction*, 295-318. NY: The Guilford Press.

Calkins, L. (1986). *The art of teaching writing*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Department of Education and Science Inspectorate (2005). *An evaluation of curriculum implementation in primary schools*. Dublin: Stationery Office.

Fletcher, R. & Portalupi, J. (2001). *Writing workshop: The essential guide*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Gentry, R.J. (1982). An analysis of developmental spelling in GNYS at work. *The Reading Teacher* 36, 192-200.

Graves, D. (1994). *A fresh look at writing*. Portsmouth, NH: Heinemann.

Grainger, T. Gooch, K., & Lambirth, A. (2005). *Creativity and writing: Developing voice and verve in the classroom*. Oxon: Routledge.

Hayes, J. (1996). A new framework for understanding cognition and affect in writing. In C. Levy, & S. Ransdell (Eds.), *The science of writing: Theories, methods, individual differences and applications*, 1-27. Mahwah, NJ: Erlbaum.

Juzwik, M. (2006). Writing. In M. Pressley (Ed.), *Reading instruction*

*that works: The case for balanced teaching*, 347-370. NY: The Guilford Press.

Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G., McPhillips, T., Marsh, J., O'Connor, M., Shiel, G. (2012). *Literacy in Early Childhood and Primary Education (Children aged 3-8 Years)* Commissioned research report, National Council of Curriculum and Assessment (NCCA).

Kennedy, E. (2010). Lessons from a school where literacy thrives: Transforming outcomes through a research-based approach to underachievement. In T. Concannon-Gibney, A. Kelly, & K. Willoughby (Eds.), *Literacy in the 21st century: Perspectives, challenges and transformations*, 10-26. Dublin: Reading Association of Ireland.

Rog, L. (2007). *Marvellous mini-lessons for teaching beginning writing, K-3*. Newark, DE: International Reading Association.

Routman, R. (2005). *Writing essentials: Raising expectations and results while simplifying teaching*. Portsmouth, NH: Heinemann.

## Writing Genres

### LEARNING OUTCOMES

*Children develop concepts, dispositions and skills in relation to:*

- Motivation and choice
- Conventions of print and sentence structure
- Purpose, genre and voice
- Writing process
- Response and author's intent

### Key points on teaching a new writing genre

- Children should have a clear understanding of the purpose of a genre
- Engage in free writing
- Writing opportunities through play
- Creating an audience and purpose for writing
- Children discover framework/structure of a genre
- Teach key features of a genre through mini-lessons
- Teacher modelling writing genre
- Shared writing with the children
- Guided writing using a framework or guide
- Independent writing - Using the writing process through the writing workshop
- Children don't need to re-edit every piece
- Enable children to assess their own writing

### Introduction

Children need to write for many different purposes and audiences, for example, writing a shopping list, presenting information on an animal, composing a recipe, recounting an experience or entertaining an audience with a story. As adults we may rarely write a short story yet we persuade, inform, recount and discuss on a weekly basis. Often a child who may be reluctant to write a narrative could be very eager to write a report on an animal. The various writing genres can be taught using the writing workshop, described

previously. The specific genre instruction can form the content of a mini lesson. It is important that teachers use the right terminology for each writing genre.

### Free writing

This is a powerful way to allow children the freedom and time to write without constraints. This can form part of the activity or play centres in the morning. From junior infants children should have time to free write every day. This may take the form of a simple drawing, labelling their drawings, teacher scribing using children's language to the stage where children are independently writing. Free writing samples can be a very useful assessment and planning tool.

### Writing and play

Wonderful opportunities for writing can happen through the natural play of children. Play provides an authentic purpose. For example children playing the optician have a chance to write a prescription for glasses, fill in a form with information for the optician and write a sign with the opening and closing times. Drawings and approximate spelling are all a valid part of this. Providing various writing materials can motivate the children in the play situation.

## Writing Genres




Infants writing based on their play

### Reading and Writing

Development in reading and writing can be reciprocal. Good readers and good writers can have a pleasant symbiotic relationship.

When planning to teach a particular genre to children include samples of that genre in reading time. This will have many benefits. Children will experience good quality reading materials. They will develop reading and comprehension skills in that genre. This will in turn influence their writing and use of language. For example when reading an information text on a country the teacher could teach how to extract important information. This will benefit the children's writing when they are researching information in SESE for their own report. Before any

writing experience ensure children have time to discuss and develop speaking and listening skills in that genre. Therefore by linking speaking, listening, reading and writing in the same genre children will have an integrated and meaningful experience. This can be incorporated across the curriculum in many subject areas.





## Writing Genres

### Different writing genre

For the purpose of this support material we will examine six main writing genres. The same approach can be adopted for any writing genre.

- Recount: the purpose is to retell events. Main features of a recount include events in time order, linking words to do with time, simple past tense.
- Narrative: the purpose is to entertain. A narrative tells an imaginative story (some can be based on facts). Main features of a narrative include defined characters, a setting, problem or complication, descriptive language and are usually in the past tense.
- Procedure: the purpose is to tell the way to do things. Main features of a procedure include stating the goal of the procedure, materials, method, evaluation, tense is timeless and use of linking words.
- Report: the purpose is to present factual information on a person, place, animal or thing. Main features of a report include classification, description, summary, subject specific vocabulary and objective language.
- Exposition: the purpose is to persuade. Main features include arguments for/against, evidence, conclusion, mainly timeless present tense and use of passives.
- Explanation: the purpose is to explain how something came to be. Main features include a definition, description of various parts, how or why it works and summary.

## Writing Genres



*Supporting children with their writing*

The teacher should plan to explicitly teach a writing genre over approximately 6-8 weeks. Using the writing workshop as an instructional method, the key elements of a genre can be taught in mini lessons (see previous section on writing workshops).

### Gradual Release of Responsibility Model

The Gradual Release of Responsibility Model (Pearson and Gallagher, 1983) is an effective method to introduce a new genre.



During Reading workshops the teacher should plan to read examples of the genre before examining it in writing workshops. The learning objective may be for the children to write explanations on how a volcano erupts. In reading workshops good examples of explanations can be read and examined. Word work and comprehension skills such as scanning and skimming for subject specific vocabulary or synthesising information could be explicitly taught. Discussion of the language features of an explanation piece can be central to reading mini- lessons. The reading text can naturally integrate with SESE. .

The Gradual Release of Responsibility Model begins with **modelled writing** where the teacher has responsibility for the writing. This responsibility is gradually reduced while supporting and guiding the children to the independent writing stage.

The teacher can choose to model an example of a report. Modelled writing is always beneficial for every age. During modelled writing the teacher writes and thinks aloud as

## Writing Genres

modelled writing the teacher writes and thinks aloud as he/she is writing. This demonstrates the thought processes during writing. During the writing workshop the class can **discover the key features** of the report writing e.g. classification of the animal, habitat, interesting features etc. Next the children might join in and help with a **shared writing** of a report. Shared writing includes the children's ideas and thoughts. The teacher can scribe this on board or flipchart, again drawing the children's attention to key language features or structure of the genre. Slowly the children are taking more responsibility for the writing experience. **Collaborative writing** in pairs using a **guide**, visual aid or **framework** can be very beneficial. This gradual release of responsibility will empower and enable the children to **write independently** in the new writing genre.



An element of choice is important here. Allow the children time and space to choose their own animal to write about. Conferencing the children will help improve the children's writing and help support all writing levels in the class. Conferencing is a focused conversation between teacher and child/children. There is a key teaching point as part of the conversation and affirmation on their writing to date.

The more time that can be given to this on a daily basis the better the progress. Developing the children's language around the genre can benefit greatly. Speaking and listening activities can be planned based on the genre e.g. when teaching report writing the pupil can present information to a partner orally based on mystery animal and the partner has to guess the animal.

When children are discovering the framework of a genre allow that to develop over time, as they read more examples in reading workshops they can add to the text features and language features of the framework. These 'magic ingredients' of a particular genre can be discovered in reading, taught in writing mini lessons, discovered and highlighted in shared writing experiences.

## Writing Genres

Examples how a genre can be incorporated in to reading, writing, speaking and listening

### Exposition writing- 2nd class

**Speaking and Listening:** Topic 'Should we have more time for sport in school?'

Walking debate as a class and pair debate.

Be the expert in a particular topic of choice and present this to the class.


**Reading:** read a sample of a discussion on the topic of sport.

Explicit teaching of language features of a discussion-

Arguments for and arguments against, research and conclusion

Examining emotive language in advertisements

**Writing:** independently writing a discussion on a topic of their choice



*A discussion on sport*

## Writing Genres

Examples how a genre can be incorporated in to reading, writing, speaking and listening


### Recount writing- Junior Infants

**Speaking and Listening:** using a framework of who, what, where, when and why

Recount an experience to their partner using think, pair, share.

**Reading** -reading a shared writing script from language experience approach and focusing on past tense used in recounts.

**Writing** -modelled and shared writing of a class experience



Recount

## Writing Genres


Examples how a genre can be incorporated in to reading, writing, speaking and listening

### Report writing -Senior Infants

Speaking and listening: Orally telling about their favourite animal, pick a mystery animal from a bag describe to partner and child has to guess the animal.

**Reading:** reading reports about animals in SESE.

**Writing:** children choose an animal to write about *Amazing Fact Book* on animals.



Report on animals

## Writing Genres

Examples how a genre can be incorporated in to reading, writing, speaking and listening

### Explanation writing- 1st class

**Speaking and Listening:** Orally explain to a partner how to make different colours using paint, how to brush your teeth.

**Reading:** modelled and shared reading of an explanation focusing on determining importance and action verbs.

**Writing:** shared writing of an explanation with teacher scribing.

### Procedural writing -1st class

**Speaking and listening:** Orally telling a partner how to play new game in PE

**Reading:** recipes on how to make a sandwich

**Writing:** writing a procedure based on new game in PE or a science experiment in SESE through pictures and text.

## Writing Genres

### ICT Support for Writing:

<http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/>  
<https://storybird.com/>  
<https://www.mystorybook.com/>  
<http://www.crickweb.co.uk/>

### A Whole School Approach


Schools could plan to explicitly teach all writing genre over the course of infants to 6th. While all genres can be introduced based on children's needs and interests, a school should ensure that all will be explicitly taught over the 8 years.

Title	Miss Beirne
Setting	in school
Characters	1 Miss Beirne 2 Max 3 Kilian 4 Monster
Problem	Monster
Problem Solved	Miss Beirne
Ending	happy school

Once upon a time, there was a mayor named Mr. Noel, a queen named Ms. Mollie and a dog named Louie. They all lived in a town called Dundrum. It was a day in the summer when something floated down in front of their house. What's that? said Mollie, looking out of the

### Assessment of writing:

Let the children design a writing rubric or checklist based on the framework they have discovered in mini -lessons. This rubric or checklist can be used as a tool to self assesses and peer assesses their writing. The writing continua or a map of development can be a useful assessment tool. Dating the children's writing and storing it in a portfolio either electronically or in hard copy can be evidence of the development in each genre.





## Writing Genres

### References

- Annandale, K., Bindon, R., Handley, K., Johnston, A., Lockett, L., & Lynch, P. (2005). *First Steps Writing Map of Development* (2nd ed.). UK: Steps Professional Development.
- Annandale, K., Bindon, R., Broz, J., Dougan, J., Handley, K., Johnston, A., Lockett, L., Lynch, P., & Rourke, R. (2005). *First Steps Writing Resource Book* (2nd ed.). UK: Steps Professional Development.
- Calkins, L. (1986). *The art of Teaching Writing*. Portsmouth, NH: Heinemann.
- Donovan, C., & Smolkin, L. (2011). *Supporting informational writing in the elementary grades*. *The Reading Teacher*, 64(6), 406-416.
- Graves, D. (1994). *A Fresh Look at Writing*. Portsmouth, NH: Heinemann.
- Pearson, D., & Gallagher, M. (1983). *The instruction of reading comprehension*. *Contemporary Educational Psychology*, 8, 317-44.
- Read, S. (2005). First and second graders writing informational text. *The Reading Teacher*, 59(1), 36-44.
- Read, S., Landon-Hays, M., & Martin-Rivas, A. (2014). Gradually releasing responsibility to students writing persuasive text. *The Reading Teacher*, 67(6), 469-477.
- Gibson, S.A. (2008). An effective framework for primary-grade guided writing instruction. *The Reading Teacher*, 62(4), 324-334.
- Strachan, S. L. (2014). Expanding the range of text types used in the primary grades. *The Reading Teacher*, 68(4), 303-311.
- VanNess, A., Murnen, T., & Bert, C. (2013). Let me tell you a secret: Kindergartners can write! *The Reading Teacher*, 66(7), 574-585.

## Scríbhneoireacht Reatha

### TORTHAÍ FOGHLAMA

- Rannpháirtíocht
- Litriú
- Peannaireacht

### Reatha ón Tús

Is breá le páistí óga marcanna a dhéanamh agus iad féin a shamhlú mar scríbhneoirí cumasacha inniúla. Úsáideann siad litreacha, focail, uimhreacha, comharthaí, pictiúir, dathanna agus cruthanna chun eolas a thabhairt agus a thaifeadadh agus chun cur síos a dhéanamh ar a n-eispéireas féin agus eispéireas daoine eile, agus ciall a bhaint astu. In éineacht le tacú le scríbhneoireacht éiritheach páistí trí shúgradh samhlaíoch, tá príomhról ag an múinteoir

i bpleanáil agus múineadh cur chuige struchtúrtha i leith lámhscríbhneoireacht páistí a fhorbairt. Is sprioc thábhachtach í líofacht i múineadh na lámhscríbhneoireachta agus cabhraíonn scríbhneoireacht reatha (cheangailte) leis an sprioc sin a bhaint amach, ós rud é go bhfuil gluaiseacht leanúnach nádúrtha ó chlé go deas ag baint leis.

Nuair a dhéantar scríbhneoireacht reatha, scríobhtar litreacha trí ghluaiseacht gan bhriseadh atá cosúil le pátrúin leanúnacha réamhscríbhneoireachta páistí. Úsáidtear spásanna go príomha chun focail a scaradh óna chéile. Seachas cló a fhoghlaim ar dtús agus scríbhneoireacht reatha

In éineacht le tacú le scríbhneoireacht éiritheach páistí trí shúgradh samhlaíoch, tá príomhról ag an múinteoir i bpleanáil agus múineadh cur chuige struchtúrtha i leith lámhscríbhneoireacht páistí a fhorbairt.

ina dhiaidh sin, is féidir tacú le páistí an stíl reatha a fhoghlaim ó thús, rud a thacaíonn leo díriú ar ghnéithe eile d'fhorbairt litearthachta de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn sa bhunscolaíocht.

### Scileanna Mínluaileacha

Tá scileanna mínluaileacha riachtanach chun gur féidir le páistí litreacha a dhéanamh. Cuimsíonn na scileanna seo cumas matáin bheaga an choirp a rialú agus gníomhartha na súl agus na lámh a chomhordú (comhordú lámh is súl). Tá gá ag páistí le luailrialú chun patrúin agus cruthanna litreacha a chruthú agus tá gá acu le scileanna aireachtála chomh maith le haghaidh méid litreach, spásála agus treoshuímh.

## Scríbhneoireacht Reatha

Díreach mar a dhéantar i gcás scileanna oll-luaileacha (gluaiseachtaí móra matán amhail lámhacán, siúl, rith, léim, luascadh, caitheamh, ciceáil agus scipeáil), forbraíonn páistí scileanna mínluaileacha ag amanna éagsúla. Caithfidh múinteoirí na scileanna seo a mhúnlú agus deiseanna laethúla a chur ar fáil do pháistí chun iad a chleachtadh agus a fhorbairt mar chéad chéim d'fhorbairt na lámhscríbhneoireachta.

### Scileanna mínluaileacha agus páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu le scileanna

mínluaileacha nó oll-luaileacha nó sa dá réimse sin. I gcás páistí áirithe, d'fhéadfadh moill a bheith ar dhul chun cinn áirithe mar thoradh ar dheacrachtaí le próiseáil chéadfaíoch. Is bearta tábhachtacha iad a chinntiú go bhfuil cobhsaíocht coirp uachtaraigh agus dhá lámh shaora acu le tacú leo tasc mínluaileach a chur i gcrích. Nuair a phleanáiltear agus nuair a eagraítear gníomhaíochtaí rialta suimiúla i seisiúin ghearra thapa, cuirtear am ar fáil do pháistí a scileanna a phróiseáil, a chomhdhlúthú agus a fheabhsú. Beidh sé chun leas na bpáistí cleachtadh a chur ar fáil ar dhromchlaí ingearacha nó claonta chomh maith.



### Scríbhneoireacht Reatha a Mhúineadh Aistriú go gnáthscríbhneoireacht

Tá sé ríthábhachtach a ndóthain ama agus spáis a chur ar fáil do pháistí chun gur féidir leo taiscéaladh a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as an aistriú go gnáthscríbhneoireacht ionas go mbeidh dearcadh dearfach acu i leith na scríbhneoireachta. Tá deiseanna le haghaidh súgradh samhlaíoch, agus le haghaidh líníocht agus scríbhneoireacht le hábhair marcála/rianaithe dhifriúla amhail criáin, péint, gaineamh agus sobal bearrtha, tá siad tábhachtach chun go mbeidh na páistí páirteach in eispéireas bríoch luath scríbhneoireachta. Sa phleanáil agus sa teagasc maidir le scríbhneoireacht reatha, cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil do pháistí:

## Scríbhneoireacht Reatha

- **Scileanna míluaileacha** a fhorbairt trí réimse cleachtaí láimhe a fhorbairt le gníomhaíochtaí samhailteacha. Tá liosta gníomhaíochtaí curtha ar fáil thíos.
- **Gluaiseachtaí bunúsacha lámhscríbhneoireachta** a chleachtadh, amhail línte ingearacha, cothrománacha agus trasnánacha, agus línte a thrasnú chun cros nó ‘x’ a dhéanamh.
- Triail a bhaint as **gluaiseachtaí nua patrúin** agus iad a chleachtadh agus a fheabhsú.
- Gluaiseachtaí **uaschuair agus íoschuair** a chleachtadh. Díritear ar mhéid, aonfhoirmeacht agus claonadh ina dhiaidh sin.
- Tuiscint a fháil ar an **reasúnaíocht a bhaineann leis na cleachtaí patrúin éagsúla**, amhail gluaiseacht thuathalach chiorclach na litreacha a, c, d, g, q agus o.
- **Litreacha a chleachtadh agus a chóipeáil** agus samhlú/samplaí á dtabhairt ag an múinteoir.
- ‘Scríbhneoireacht reatha’ a mhúineadh do na Naíonáin Shóisearacha trí léiriú don pháiste conas **‘treorú isteach agus amach’ as litreacha**, e.g., an smeach ag deireadh na litreach, chun litreacha snítheacha ar leith a chruthú.

I gCéim 2, is féidir leis na páistí tosú ar a gcuid litreacha a cheangal lena chéile, i gcomhréir le polasaí litearthachta na scoile mar chuid dá bhFéinmheasúnú Scoile.

I gCéim 1, tá sé tábhachtach cothromaíocht a aimsiú idir gníomhaíochtaí oscailte a chothaíonn dearcadh dearfach i leith na scríbhneoireachta agus ceartfhoirmiú litreacha a léiriú agus a theagasc ar shlí níos córasaí.

### Greim ar an bPeann Luaidhe

Is éard atá i gceist leis an **ngreim pionsúir** ná ardú agus greim a choinneáil ar rudaí idir an ordóg agus an chormhéar. I gcás páistí níos óige, tagann an greim pionsúir in áit **ghreim bhos na láimhe**, i.e., greim a



## Scríbhneoireacht Reatha



choinneáil ar rud (amhail crothail linbh) i mbos na láimhe agus na méara a chur thart timpeall air. Is é sprioc atá le scríbhneoireacht luath páistí ná an **greim tríchosach** – cumas greim a fháil ar pheann luaidhe le barr na hordóige agus na corrmhéire agus an peann luaidhe a chur le taobh an tríú méar.

D'fhéadfadh sé éirí níos deacra greim fabhtach

peann luaidhe a cheartú dá fhad a leanann sé ar aghaidh. I gcás páistí atá níos sine, bíonn tionchar ag drochghreim peann luaidhe de réir mar a mhéadaíonn oiread na scríbhneoireachta agus d'fhéadfadh tuirse agus drochfhoirmiú/foirmiú mall litreacha a bheith mar thoradh air seo. Seans go mbeidh gá le cúnamh speisialtóra a fháil ó theiripeoir saothair do

pháistí a bhfuil deacracht acu le greim tríchosach a fháil, in ainneoin cuid mhaith deiseanna a bheith acu chun é a fháil.

### Staidiúir

Tá forbairt dea-staidiúir lámhscríbhneoireachta gach píoc chomh tábhachtach céanna le greim ceart ar pheann luaidhe. Cuireann dea-staidiúir cobhsaíocht coirp uachtaraigh ar fáil, rud atá riachtanach le haghaidh dhea-shoghluaisteacht na sciathán, chaolta na lámh, na lámh agus na méar. Agus iad ag scríobh, ba chóir páistí a chur ina suí agus an dá chos ar an urlár ag deasc atá ard a dóthain (d'fhéadfadh deasc atá ró-ard nó ró-íseal dul i bhfeidhm ar bhrú an phinn luaidhe). Úsáideann páistí an lámh nach mbíonn siad ag scríobh léi chun an páipéar a dhaingniú agus chun cuid de mheáchan an choirp a iompar chomh maith.

### Forlámhas Láimhe

Faoi cheithre bliana d'aois, beidh rogha shoiléir láimhe déanta ag an gcuid is mó de pháistí i.e, **forlámhas láimhe**.

## Scríbhneoireacht Reatha

### TACÚ LE PÁISTÍ ATÁ INA GCIOTÓG LENA LÁMHSKRÍBHNEOIREACTH

- Cuir an páipéar ar thaobh clé an choirp.
- Cuir ar uillinn é.
- Cinntigh go bhfuil go leor spáis ann (agus nach bhfuil páiste deasoige ag cur isteach air/uirthi).
- Cabhraigh leis an bpáiste an peann luaidhe a choinneáil ina lámh níos faide suas ón bpointe.

Forbraíonn an lámh atá in uachtar sainchumas tascanna a dhéanamh fad is a chabhraíonn an lámh eile léi e.g., páipéar a ghearradh le siosúr. Ach sa chaoi chéanna go bhféadfadh páistí a bheith ann nach bhfuil an chéim seo bainte amach acu, d'fhéadfadh páistí a bheith ann atá in ann an dá lámh a úsáid (comhdheas ar gach lámh). Ba chóir go mbeadh an lámh/ sciathán nach bhfuil ag scríobh ag daingniú an pháipéir agus ag iompar cuid áirithe de mheáchan an choirp chomh maith.

Cuid mhaith daoine a úsáideann a gciotóg, bíonn siad ag scríobh agus a lámh os cionn an mhéid atá á scríobh acu, agus d'fhéadfaidís crúca a fhorbairt ar mhaithe lena lámhscríbhneoireacht a fheiceáil. Sa chás is fearr ní bheidh sé seo suntasach ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé bheith go dona. Daoine a úsáideann a ndeasóg, bíonn siad ag scríobh agus a lámh ag gluaiseacht amach óna gcorp. Páistí a úsáideann a gciotóg, bíonn siad ag scríobh i dtreo a gcoirp féin.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE SCILEANNA MÍNLUAILEACHA A FHORBAIRT

#### Cleachtaí Méar agus Lámh

- Lúb agus díriú do mhéara. Sínn amach agus dún do mhéara ansin.
- Smeach gach méar amach ó d'ordóg.
- Buail do bhosa le chéile agus barr do mhéar le chéile.
- Déan cruth ciorcail trí d'ordóg agus do chormhéar a chur le chéile ar do dhá lámh. Comhghlasáil an dá chiorcal agus tarraing.
- Cuir do lámh ar an deasc (bos na lámhe casta anuas) agus ardaigh gach méar i ndiaidh a chéile.
- Cuir do lámh ar an deasc (bos na lámhe in airde) agus ardaigh gach méar i ndiaidh a chéile chun teagmháil a dhéanamh le d'ordóg.
- Cas d'ordóg thart timpeall ar bharr gach méire (go deisealach agus go tuathalach).

#### Cineálacha Samhlaíochta Cur Chuige

- Úsáid do mhéara mar shiosúr chun snáithe a ghearradh.
- Seinn na drumaí ar do dheasc.
- Seinn pianó san aer agus ar an deasc.
- Suaith an leite go tapa agus go mall.
- Fáisc na héadaí fliucha.
- Cuir ort do lámhainní agus bain díot arís iad.
- Cas eochair an dorais tosaigh le d'ordóg, do chormhéar agus do mhéar fhada.

## Scríbhneoireacht Reatha



### Monatóireacht a Dhéanamh ar Fhorbairt na Scríbhneoireachta Reatha

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith úsáideach chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt scríbhneoireachta reatha páistí agus le tacú léi.

- Staidiúir
- Cobhsaíocht coirp uachtaraigh
- Scileanna mínluaileacha
- Greim ar an bpeann luaidhe

- Brú ar an bpeann luaidhe
- Suíomh an pháipéir
- Cumas rianú/cóipeáil a dhéanamh
- Foirmiú litreacha
- Treorú isteach/amach
- Litreacha cuarta i gceart
- Spásáil na litreacha/na bhfocal
- Claonadh na litreacha
- Méid aonfhoirmeach litreacha
- Suíomh na litreacha ar an líne
- Luas scríbhneoireachta

### Tagairtí

- Amundson, S. (2005). Prewriting and handwriting skills. In Case-Smith (Ed.) *Occupational Therapy for Children*. Londain: Mosby.
- Blumenfeld, S. (1994). How Should we Teach our Children to Write? Cursive First, Print later. In *Blumenfeld Education Imleabhar 9 Uimh. 9*. [www.howtotutor.com/cursive.htm](http://www.howtotutor.com/cursive.htm).
- Corson, L. (2009). *Teaching Cursive, this method works*. PCB Press: Oregon.
- Cotton, P. (1992). Let's all join up. In *Child Education*. Eagrán Aibreáin. Leamington Spa: Scholastic Publications.
- Graham, S., Struck, M., Richardson, J., & Berninger, V. (2006). Dimensions of good and poor handwriting legibility in first and second graders. *Developmental Neuropsychology* 29: 43-60.
- Landy, J. & Burrige, K. (1999). *Fine Motor Skills and Handwriting Activities for Young Children*. Nua-Eabhrac: Centre for Applied Research in Education.
- Troia, G.A. (2006). Writing instruction for students with learning disabilities. In C.A. MacArthur, S. Graham, & J. Fitzgerald (Eagarthóirí), *Handbook of Writing Research*. Nua-Eabhrac: Guilford.

## Seánraí Scríbhneoireachta

### TORTHAÍ FOGHLAMA

*Forbraíonn leaná coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:*

- Rannpháirtíocht
- Inspreagadh agus rogha
- Gnásanna cló agus struchtúr abairte
- Litriú
- Foclóir
- Cuspóir, seánra agus guth
- An próiseas scríbhneoireachta
- Freagracht agus intinn an údair
- Peannaireacht


### Próiseas agus Comhpháirteanna na Scríbhneoireachta

Aithnítear sa churaclam gur cuid d'fhoghlaim na teanga í an scríbhneoireacht. Is scil í an scríbhneoireacht a chaithfear a fhoghlaim agus a

chleachtadh. Tá próiseas i gceist leis an scil seo a fhoghlaim; trí theagmháil nó taithí le seánraí éagsúla scríbhneoireachta, trí sheánraí téacs a fhiosrú, trí scríbhneoireacht mhúnlaithe, scríbhneoireacht roinnte, scríbhneoireacht threoraithe agus scríbhneoireacht neamhspleách. Tá gnéithe nó comhpháirteanna ann sa scríbhneoireacht féin atá lárnach sa scil seo; foclóir, litriú, gramadach, poncaíocht, peannaireacht agus seánraí éagsúla scríbhneoireachta. Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar réimse de théacsanna chomh maith le téacsanna a chruthú. Ba chóir na páistí a chumasú i dtreo bheith ag scríobh le haghaidh réimse de chuspóirí agus lucht

léite, ag roghnú, ag pleanáil agus ag úsáid stíl agus foirm chuí.

Caithfear na scileanna seo a mhúnlú, a roinnt agus a dhéanamh faoi threoir sula ndéanfar go neamhspleách iad. Caithfear téacsanna Gaeilge sna seánraí éagsúla a chur roimh pháistí. Bíonn éagsúlacht sa stíl, foclóir, leagan amach, léaráidí, poncaíocht agus gnéithe téacs i leabhair de sheánraí éagsúla agus caithfear an eispéireas sin a thabhairt do pháistí le go gcruthóidh siad a dtéacsanna féin. Is cuidiú é má bhíonn deiseanna ag páistí seánraí scríbhneoireachta éagsúla a thriail i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla trí áiseanna agus ábhair chuí a chur rompu lena spreagadh. Mol na chéad iarrachtaí seo. Tiocfaidh cruinneas trí mhúnlú agus, i gcomhthéacs na Gaeilge, is mó an gá atá leis an mhúnlú ná mar a bhíonn sa chomhthéacs aonteangach.






## Seánraí Scríbhneoireachta

- Lig do na páistí labhairt faoi na fáthanna éagsúla a mbíonn daoine ag scríobh.
- Tabhair deiseanna dóibh scríobh dá gcúiseanna féin.
- Tabhair deiseanna dóibh an cineál scríbhneoireachta a oireann d'ócáidí ar leith a phlé agus a fhiosrú.
- Lig do na páistí triail a bhaint as an scríbhneoireacht go fonnmhar. Is na chéad iarrachtaí iad seo agus ba chóir dóibh iad a dhéanamh ar a suaimhneas.
- Is próiseas í scil na scríbhneoireachta. Tiocfaidh cruinneas trí fhiosrú, múnú agus roinnt.
- Méadóidh stór focal na bpáistí chomh maith le heolas ar phoncaíocht agus ar leagan amach cuí an téacs de réir mar a théann siad i dtaithí ar an scríbhneoireacht mhúnlaite agus ina gcuid iarrachtaí féin.

### Na Seánraí Scríbhneoireachta



### Insint

Is scéal ón tsamhlaíocht é seo (seans go mbeidh sé bunaithe ar scéal fíor). Bíonn suíomh ann le Cé? Cén áit? Cén uair? Bíonn carachtair ann agus fadhb le réiteach.

### Tréithe:

- An aimsir chaite de ghnáth
- Carachtair
- Comhrá
- Teanga a dhéanann cur síos
- Nascfhocail a bhaineann le ham



Cinnin Óir agus na Trí Bhéar		
Tús	Lár	Deireadh
Bhí Cinnin Óir agus na trí bhéar sásta.	Chonaic sí, trí bhabhla	Bhí na Béir feargach mar
Rinne Mamá brachán. Bhí sé róthe.	trí chathaoir trí leaba	bhí brachán Bhaibin Béar ite agus bhí cathaoir Bhaibin Béar briste.
Chuaigh na Béir ar siúlóid.	Bhí ocras ar Chinnin Óir. D'ith sí brachán Bhaibin Béar.	Bhí Baibin Béar croi briste
Bhí Cinnin Óir ag siúl sa choill. Chonaic sí teach beag.	Bhris sí cathaoir Bhaibin Béar. Bhí iontas uirthi.	Bhí cailín ina codladh ar leaba Bhaibin Béar.
	Bhí tuirse ar Chinnin Óir. Thit sí ina codladh ar leaba Bhaibin Béar.	Mhuscail Cinnin Óir.
		Bhí eagla uirthi. Rith sí ar shiúl.

## Seánraí Scríbhneoireachta

### Dóigheanna le tacú le hinsint a scríobh

Cuidigh leis na páistí na habairtí a dhéanamh níos suimiúla trí;

- Bheith ag tacú le páistí a gcuid smaointe a chur in iúl i nGaeilge ó bhéal ar dtús,
- abairtí a athléamh agus athruithe a phlé agus a mholadh,
- ag baint úsáide as nascfhocail, iad a liostú thar am agus a bheith ar fáil,
- abairtí a chumadh le grúpa ag glacadh sealanna agus an scéal a chur le chéile le nascfhocail ag an deireadh,
- próifíl carachtair a dhéanamh ag baint úsáid as fráma réamhdhéanta a spreagann cur síos agus úsáid aidiachtaí,
- samplaí cuí a léamh mar eiseamláir.

### Nascfhocail


- |            |             |               |
|------------|-------------|---------------|
| • agus     | • nuair     | • ar eagla    |
| • nó       | • ó shin    | • ar fhaitíos |
| • ach      | • má        | • cé          |
| • fós      | • roimh     | • in ainneoin |
| • go fóill | • i ndiaidh | • cosúil le   |
| • go fiú   | • tar éis   | • mar aon le  |

### Athinsint

Is cur síos é seo ar rud a tharla, b'fhéidir don údar féin. Tá cineálacha éagsúla athinsintí ann; athinsint ar rud pearsanta a tharla, (cuairt a thug mé ar fheirm), rud fíriciúil (taisme a tharla), rud a tharla sa tsamhlaíocht (lá i saol an chait). Bíonn suíomh agus imeachtaí in ord i gceist le hathinsint. Críochnaítear an athinsint le ráiteas deiridh.

### Tréithe:

- Rannpháirtithe áirithe
- Nascfhocail ama, m.sh. roimh, ina dhiaidh
- Paragraif a léiríonn an t-ord
- Briathra a léiríonn gníomhaíochtaí
- Go minic san aimsir chaite



## Seánraí Scríbhneoireachta

### Dóigheanna le tacú le hathinsint a scríobh

Tabhair deiseanna do na páistí athinsint a scríobh go rialta trí;


- nuacht na bpáistí a phlé,
- labhairt mar ghrúpa faoi rud a tharla sa rang (turas scoile/ cuairteoir), an athinsint a thaifeadh agus ansin í a scríobh,
- dialann ranga a scríobh le páistí ag labhairt agus múinteoir ag scríobh nó na páistí féin ag scríobh,
- nuacht a chraoladh go laethúil le micreadfón don taifeadh agus an téacs a scríobh,
- cairt nó póstaer a choinneáil le banc focal don athinsint. Cuir leis an chairt nuair a úsáidtear foclóir nua. Cuir na focail i rannóga, m.sh. Cé? (Mamaí, múinteoir), Cén áit? (sa teach, ar scoil),
- málaí scríbhneoireachta a dhéanamh ina bhfuil rudaí a spreagfaidh athinsint ar imeacht áirithe,
- iarraidh ar ghrúpa páistí imeachtaí a tharla a scríobh ar stiallacha páipéir, ansin iarraidh ar ghrúpa eile iad a chur in ord agus a athinsint roimh scríobh.

### Scríbhneoireacht Ghnásúil

Is céimeanna iad seo a leantar le rud a dhéanamh. Is téacs é seo a léiríonn an dóigh le ciste a dhéanamh nó cluiche a imirt nó treoracha le háit a aimsiú.

#### Tréithe:

- Cur síos ar rud fíor
- Tagairtí ginearálta don léitheoir
- Nascfhocail ama, m.sh. roimh, i ndiaidh
- Ní léirítear am san aimsir
- Briathra a léiríonn gníomhaíochtaí



## Seánraí Scríbhneoireachta

### Dóigheanna le tacú leis an scríbhneoireacht ghnásúil

Úsáid oiread samplaí Gaeilge agus is féidir leis na briathra agus an teanga áirithe a eiseamláiriú, tacaigh leis na páistí trí;

- na codanna éagsúla atá tábhachtach a phlé,
- samplaí eile a léamh, na codanna agus na teidil a ainmniú agus a phlé,
- Deir Ó Grádaigh a imirt leis na briathra sa mhodh ordaitheach a liostú agus comhthéacs na mbriathra seo a thuiscint,
- thascanna laethúla a rá ó bhéal in ord,
- thasc a dhéanamh sa rang agus na céimeanna atá i gceist a chlárú,
- sheichimh phictiúrtha a phlé agus abairt réamhscríofa a chur le gach pictiúr,
- ligean do na páistí post a roghnú agus duine a chur faoi agallamh don phost sin,
- áiseanna a chur roimh pháistí agus ligean dóibh cluiche a chumadh agus treoracha a dhéanamh dó,
- chluichí réamhdhéanta a thabhairt do na páistí nach bhfuil treoracha ann dóibh, iarr ar na páistí na treoracha a rá/scríobh.

### Briathra sa mhodh ordaitheach


- |         |            |             |
|---------|------------|-------------|
| • gearr | • bain     | • tarraing  |
| • déan  | • léigh    | • abair     |
| • tóg   | • dathaigh | • greamaigh |
| • cuir  | • scríobh  |             |

### Tuairisc

Scríobhtar tuairisc le heolas fíor a chur in iúl. Bíonn eolas eagraithe agus cláraithe i dtuairisc.

### Tréithe:

- Rannpháirtithe ginearálta
- Teanga neamhphearsanta
- An aimsir láithreach ach teanga nach léiríonn am
- Foclóir áirithe a bhaineann leis an ábhar




## Seánraí Scríbhneoireachta

### An dóigh le tacú le tuairisc a scríobh

Is féidir tuairisc a mhúnlú agus a roinnt trí;

- iarraidh ar na páistí rud suimiúil a thabhairt isteach ón bhaile lena thaispeáint don rang le comhrá agus ceistanna a spreagadh,
- leabhar ranga a dhéanamh a dhéanann cur síos ar gach páiste, maisithe ag na páistí agus ansin é a athléamh d'éisteoirí éagsúla,
- ghréasáin smaointe a dhéanamh ar ábhar,
- chluichí ó bhéal a imirt, duine ag déanamh cur síos ar rud atá as radharc an duine eile nó cur síos ar thuras ó áit go háit nó na difríochtaí idir dhá phictiúr a phlé.




### Scríbhneoireacht Mhínithe

Scríobhtar míniú ar an dóigh a n-oibríonn rud nó an próiseas a bhaineann le rud, m.sh. tuar ceatha. Bíonn ráiteas ann agus ansin míniú i gcéimeanna.

#### Tréithe:

- Rannpháirtithe nach daoine iad
- An gaol idir cúis agus éifeacht
- Bíonn an saorbhriathar ann
- An aimsir láithreach go minic ach níl tábhacht leis an aimsir



### An dóigh le tacú leis an scríbhneoireacht mhínithe

Tacaigh leis na páistí trí;

- na teidil agus na codanna éagsúla a phlé,
- mhíniú eile a léamh, an clár agus an teideal a léamh,
- mhíniú ó bhéal a dhéanamh le cártaí a bhaineann le topaicí ar an dóigh a n-oibríonn rud,
- mhíniú ina phíosáí a chur le chéile,
- mhíniú a rá/scríobh le dul le pictiúir atá tugtha,
- mhíniú a dhéanamh go neamhspleách ag leanúint plan le príomhphointí an téacs a dhéanamh.

## Seánraí Scríbhneoireachta



### Scríbhneoireacht Áititheach

Scríobhtar go háititheach le rud a chur ina luí ar dhuine agus le hargóint agus díospóireacht a léiriú. Scríobhtar le réamhfocail agus in ord cinnte le hathrá.

### Tréithe:


- Rannpháirtithe ginearálta,
- An saorbhriathar in úsáid le tacú leis an struchtúr
- Nascfhocail a bhaineann le réasúnaíocht
- Déantar ainmfhocail de bhriathra, m.sh. truailigh go truailiú

### An dóigh le tacú leis an scríbhneoireacht áititheach

Tacaigh leis na páistí trí;

- bharúlacha a léiriú i ngrúpa, ar son agus in éadan an ábhair,
- ábhar díospóireachta agus ceithre rogha; aontaím, ní aontaím, aontaím go mór, ní aontaím go mór,
- thopaicí reatha a phlé agus cúiseanna ann don díospóireacht,
- ghrúpa saineolaithe (tuismitheoirí/mic léinn/múinteoirí) a thabhairt le chéile le barúil a chur ina luí,
- bharúlacha a athrú, m.sh. scéal na dtrí mhuc a insint trí shúile eile agus barúil eile a thabhairt ar an scéal,
- charachtar aitheanta a bhaint amach as scéal agus cuir isteach carachtar eile. Iarr ar an dalta áit an charachtair a chosaint.

## Seánraí Scríbhneoireachta



### Scríbhneoireacht Shóisialta

Cuidíonn an cineál seo scríbhneoireachta le scríbhneoirí bheith i dteagmháil lena chéile. Is féidir bheith foirmiúil nó neamhfhoirmiúil. Is féidir leithscéal a ghabháil, nótaí buíochais, cuireadh, beannachtaí agus teachtaireachtaí a scríobh.

Athraíonn fráma an tseánra seo ag brath ar an topaic. Beidh túsphointe ann a léireoidh cúis, am agus áit an téacs. Ansin beidh an teachtaireacht féin ann leis na mionsonraí. Ag an deireadh, léireofar cúis an téacs agus gníomhaíocht atá le déanamh, m.sh. scríobh ar ais.

### Tréithe:

- Forainmneacha sa chéad agus sa dara pearsa
- Ceistanna cinnte nó ráitis
- Teanga ghonta
- Briathra san aimsir chaite
- Briathra a léiríonn gníomhaíocht
- Focail a léiríonn am
- Teanga fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil ag brath ar an duine
- Giorrúcháin nó pictiúir

### An dóigh le tacú leis an scríbhneoireacht shóisialta

Tacaigh leis na páistí trí;

- an chúis atá le scríbhneoireacht shóisialta a phlé,
- théacsanna réamhscríofa a phlé, á mbaint as a chéile agus ord na bpíosaí a phlé,
- dheiseanna a thabhairt do pháistí bheith ag scríobh go sóisialta, m.sh. bosca litreacha, clár teachtaireachtaí,
- chomhrá a dhéanamh trí rólghlacadh ina bhfuil teanga bhéasach,
- úsáid a bhaint as puipeid le teanga shóisialta a mhúnlú,
- dheiseanna a thabhairt do na páistí bheith mar dhuine eile agus ról agus barúlacha an duine sin a bheith acu féin, m.sh. ag freagairt an ghutháin mar a dhéanadh Mamaí é,
- rudaí a bhaineann le duine (múinteoir) a chur i mála, an tábhacht a bhaineann le gach rud a phlé, ligean do na páistí féin a leithéid de bhailiúchán a dhéanamh agus é a phlé,

## Seánraí Scríbhneoireachta

- thacú leis na páistí leis an fhoclóir, cairteacha a dhéanamh a léiríonn am, áit agus cé, m.sh. inné, ag deireadh na seachtaine, an trá, sa chlós, mo dhaidí,
- théacsanna réamhscríofa a thabhairt do na páistí agus aird a dhíriú ar fhocail agus frásaí ar leith. Is féidir díriú ar eolas agus ar fhoclóir cuí a bheidh ina chuidiú acu ina gcuid scríbhneoireachta féin,
- scríbhneoireacht shóisialta a úsáid in achair éagsúla sa churaclam, m.sh. nóta buíochais chuig cuairteoir, cuireadh chuig taispeántas,
- chuidiú leis na páistí r-phost a scríobh, scríobh do na meáin shóisialta agus cur i láthair a dhéanamh.

### Céimeanna i dteagasc na seánraí scríbhneoireachta

**Céim 1: Ag cur aithne ar an seánra**  
Léigh agus pléigh samplaí i nGaeilge. Déan comparáidí. Léigh do na páistí agus léigh leis na páistí. Pléigh an teanga chuí.

**Céim 2: Bain úsáid as sampla le fráma a dhéanamh**  
Tacaigh leis na páistí le hanailís a dhéanamh ar théacs. Déan fráma le heochairfhocail don seánra, m.sh. Insint: teideal, suíomh, carachtair, fadhb, réiteach.

